

# AR NÓS AN PHÁISTE

PÁDRAIG STANDÚN



Cló Iar-Chonnacht  
Indreabhán  
Conamara

An chéad chló 2012  
© Cló Iar-Chonnacht 2012

ISBN 978-1-905560-80-6

**Dearadh:** Deirdre Ní Thuathail  
**Dearadh clúdaigh:** Outburst Design



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge  
as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid  
ón gComhairle Ealaíon.

Tá an t-údar buíoch de Chlár na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge) as coimisiún a bhronnadh air i leith an tsaothair seo.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

**Clóchur:** Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
**Teil:** 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie  
**Priontáil:** Nicholson & Bass.

## I

**S**heas Stiofán Ó hAnluain os comhair balla a bhí timpeall ceithre troithe ar airde, a dhá uillinn mar phrapa faoi, i lár an ghailearaí uachtair i Músaem Van Gogh in Amstardam. Bhí sé tar éis uair an chloig a chaitheamh ag breathnú ar na pictiúir cháiliúla a tharraing an t-ealaíontóir in imeacht deich mbliana roimh a bhás. Bhí Stiofán tuirseach, a chosa tinn tar éis dó trí shraith staighrí a dhreapadh. Ní mórán áit suí a bhí ann, na suíocháin a bhí san áit tógtha ag gasúir mheánscoile ar cuairt lae, spéis acu i chuile rud ach san ealaín.

Chuir sé an oiread dá mheáchan agus ab fhéidir leis ar a chuid uillinneacha leis an mbrú a thógáil dá chosa. Bhreathnaigh sé síos na trí stór go dtí an t-urlár íochtair, áit a raibh fuadar faoi na daoine a bhí scaipthe ar fud na háite, ar nós na mbeach. Bhí iontas air gur fágadh folús chomh mór sin i lár an fhoirgnimh, go háirithe in áit tiomnaithe d'fhear a chuir lámh ina bhás féin. Ach mhúinfeadh seisean ceacht dóibh, a dúirt Stiofán leis féin, gan mórán machnaimh á dhéanamh aige ar a raibh i gceist aige tabhairt faoi.

B'fhada roimhe sin ó tugadh aird ar bith ar Stiofán, ach ón nóiméad a dhreap sé in airde ar bharr an uchtbhalla bháin sin, é ina sheasamh suas díreach agus titim trí scór troigh síos go talamh faoi, m'anam gur tugadh aird air. Chuala sé daoine i bhfad uaidh ag tarraingt a n-anála nuair a chonaic siad cá raibh sé ina sheasamh, ar nós go raibh siad tar éis cic a fháil

sa mbolg. In aon nóiméad amháin bhí dearmad glan déanta ar Van Gogh, agus bhí chuile dhuine sa bhfoirgneamh ag breathnú ar Stiofán, ag fanacht go dtitfeadh sé síos le pléascadh ar nós uibhe ar an urlár marmair.

Dúradh leis i chuile theanga ar domhan gan léim a chaitheamh. Bhí an domhan mór is a mháthair ann. Bhí daoine den uile dhath agus cine bailithe ó chéin is ó chongar le breathnú ar na pictiúir, ach bhí píosa ealaíne nach raibh súil ar bith acu leis á thaispeáint dóibh, ealaín ghníomhach chleasaíochta a mbeadh Van Gogh é féin tógtha go mór leis. Bheadh sé níos fearr arís, ar ndóigh, ar mhaithe leis an ealaín, dá dtitfeadh sé, ach ní raibh sé i gceist ag Stiofán bás a fháil go fóill, cé go raibh a fhios aige go maith go raibh sé i mbaol a bháis san áit a raibh sé.

Níor theastaigh uaidh léim de chineál ar bith a chaitheamh an lá sin nuair a d'éirigh sé ar maidin. Anois agus é ina sheasamh ar an mballa le chuile dhuine ag breathnú air níor thuig Stiofán cén fáth a ndeachaigh sé suas ar an mballa a bheag nó a mhór. Smaoineamh a bhuaile é, smaoineamh contúirteach, ach smaoineamh a thug ar ais i lár an aonaigh é. Cén dochar? Céard a bheadh le cailleadh aige? A shaoirse, b'fhéidir, ar feadh tamaill. Ach gheobhadh sé cúnamh. D'inseodh duine eicint dó cérbh é féin. Humpty Dumpty, ach is ina shuí ar an mballa a bhí Humpty seachas ina sheasamh.

Bhí a fhios ag Stiofán a ainm, agus an tír arbh as dó, ach bhí go leor rudaí eile imithe amú air. Céard a thug air teacht go hAmstardam? Bhí a fhios aige anois é. Ainm an aerfoirt. Schiphol. Ainm a chuir “scioból” sa mbaile i gcuimhne dó. Theastaigh uaidh dul in áit eicint lena chuid airgid a chaitheamh. Airgead tirim ar fad a bhí aige. Tharraing sé an oiread agus ab fhéidir leis as na bancanna nuair a chuala sé nárbh fhéidir muinín a chur iontu ní ba

mhó. Ní raibh aon bhanc le trust, a dúirt amadán eicínt ar an raidió, ach an banc móna nó banc na mbuidéal. Nó b'fhéidir gurbh é féin a chuimhnigh air sin. Bhí sé sách glic ar an mbealach sin, tráthúil go maith ina chuid cainteanna.

Chroch Stiofán a lámh leis an slua, á mbeannú, ós rud é go raibh siad ar fad ag breathnú air, a mbéal oscailte ag cuid acu, faitíos an domhain orthu go dtitfeadh sé. Baol air. Níor bhraith sé chomh compordach ann féin le fada. D'airigh sé an tarraingt anála arís nuair a tháinig scanradh ar na daoine a luaithe a chonaic siad a lámh ag dul san aer. Chroch sé an dá lámh ar nós an Phápa ansin. Rith daoine isteach sna cúinní, faitíos orthu go dtitfeadh sé anuas sa mullach ar an gcuid acu a bhí bailithe ar an urlár íochtair ag féachaint aníos air.

“Ná bíodh inní ar bith oraibh,” a d'fhógair Stiofán, i nGaeilge, ach is amhlaidh gur mó scanraidh a bhí orthu dá bharr sin, mar nach raibh Gaeilge ag duine ar bith de na diabhair. Faraor nach raibh sé ar a chumas eitilt, a smaoinigh sé agus é ag breathnú síos. Chuir sé sin cathú air léim, ach níor ghéill sé dó. B'fhearr breathnú chun cinn ná féachaint síos, é ag éirí neirbhíseach de chéadair tar éis dó dul suas ar an mballa. Bhí rud eicínt ag baint leis an spás mór idir é féin agus an talamh a bhí ag iarraidh breith air, é a tharraingt anuas go broinn an fhoirgnimh. Cén Ghaeilge atá ar *gravity*? Cibé cén t-ainm a bhí air, sin a bhí á tharraingt.

Bhí a dhóthain feicthe ag Stiofán ina fhéachaint bheag síos le go mbeadh a fhios aige go raibh fios curtha ar na póilíní. Bhí líne saighdiúirí, nó dream gléasta mar iad, tar éis teacht isteach sa seomra íochtair, iad ag imeacht i ndiaidh a chéile ar nós lachan, gunnaí gearra cúpla troigh ar fhad acu. Gunnaí gáis, b'fhéidir. Bhí na daoine a bhí thíos in íochtar á mbrú amach an doras acu. Bhí an méid sin feicthe ag Stiofán i bhfaiteadh na súl, ach níor mhaith leis breathnú

síos arís ar fhaitíos go dtarraingeodh an talamh síos é. Bhí a fhios aige nach raibh le déanamh aige ach sleamhnú anuas ar chúl an bhalla a raibh sé ina sheasamh air agus bheadh an ghéarchéim thart. Ach cén uair a bheadh an deis arís aige aird an phobail a tharraingt air féin?

Nach orthu a bheadh an t-aiféala nach bhfeicfidís críoch an scéil, a dúirt sé leis féin, agus é ag smaoinreamh ar na daoine a bhí díbrithe ag na póilíní nó saighdiúirí nó cibé cé hiad féin. Meas tú an bhfaighidís a gcuid airgid ar ais? Bheidís ar buile gur chaill siad an deis na pictiúir in íochtar a fheiceáil. Ní bheadh oiread is Van Gogh amháin feicthe acu, mar nach raibh sa ngailearaí íochtair ach pictiúir shamplacha den chineál a bhíodh á bpéinteáil san Ísiltír roimh aimsir Vincent is a chairde, pictiúir dhubha, dhorcha, murarbh ionann is na dathanna áilne a phéinteáil Van Gogh ina dhiaidh sin, na pictiúir a tharraing na sluaite isteach lá i ndiaidh lae.

Thug Stiofán faoi deara nach raibh droim iompaithe ag duine ar bith acu siúd sna háiléir ina thimpeall ó tharraing sé é féin suas ar an mballa. Bhí sé ar nós go raibh siad faoi gheasa aige: Seapánaigh, Meiriceánaigh, Sasanaigh, gasúir scoile na hÍsiltíre. Bhí na pictiúir ba cháiliúla ar domhan ar a gcúl ach ní raibh súil amháin ag breathnú orthu ach de thimpiste trasna an tseomra. Sheas sé ar leathchois lena mheáchan a chur ar an gcois eile. D'airigh sé an tarraingt anála sin arís, ar nós na gaoithe móire a chloisfeá le linn stoirme. Ligeadh osna eile nuair a chuir sé a dhá chois le taobh a chéile. Bhí taitneamh le baint as seo, agus an leathchos eile á chrochadh aige. Rinne sé rince beag, aon dó trí, aon dó trí, mar a d'fhoghlaim sé ag an scoil fadó. Ba é an t-aon duine san áit é le haoibh an ghéaire ar a bhéal.

D'imigh an géaire óna éadan nuair a smaoinigh sé gur dóigh gur piléar an chéad rud eile a d'aireodh sé, piléar a bhainfeadh anuas dá phrapaireacht é in aon bhuille amháin.

Smaoinigh sé ar na scannáin agus ar an nuacht teilifíse a bhí feicthe in imeacht na mblianta aige, snípéir armtha ag cur deiridh le fuadach nó le robáil go snasta le haon urchar amháin. Ach bheadh daoine i gcontúirt sna cásanna sin. “Níl aon duine curtha i gcontúirt agamsa ach mé féin,” a dúirt sé os ard. “Nach bhfuil cead agam mo rogha rud a dhéanamh le mo shaol féin? Ach b’fhéidir gur fearr dom a bheith cúramach ná a bheith amaideach. Má thagaim anuas anois, chuile sheans go mbeidh mé beo fós ag deireadh an lae.”

Chuir sé ceist air féin ansin an raibh aon dlí á bhriseadh aige. Go bhfios dó, ní raibh. Thug an smaoinemh sin dóchas agus misneach dó. Tuige nach mbeadh cead ag duine seasamh ar bhalla áit ar bith ina thír féin? Bhuel, níorbh é a thír féin í go baileach, ach nach Eorpach a bhí anois ann? Nach raibh an cead céanna aige an talamh seo, cré na hEorpa, a shiúl agus a bhí ag na naoimh ó Éirinn a chuaigh amach ann fadó le léann agus cultúr a thabhairt do na barbaraigh? Thograigh Stiofán ar an eolas seo a roinnt ar an slua.

“A chairde Gael,” a thosaigh sé, mar a bheadh sé ag labhairt le dream sa mbaile. “A chairde Eorpacha agus domhanda, ba chirte dom a rá . . .” Bhreathnaigh siad air ar nós nár thuig siad focal as a bhéal, agus is amhlaidh nár thuig. Ach bhí fear amháin a thuig cén teanga a labhair sé. “*Fuckin’ Irish*,” a chuala Stiofán é ag rá lena bhean, nó leis an mbean a bhí leis ar aon chaoi, ar nós go raibh muintir na hÉireann náirithe os comhair an tsaoil aige. “Is mó an náire tusa ná mise,” arsa Stiofán leis, “mar ní amháin nach bhfuil a fhios agat teanga do thír féin, ach cuireann sé déistin ort. Téirigh i dtigh an diabhair.”

Ba léir nár thuig na hÉireannaigh céard a dúirt sé, ná duine ar bith eile ach an oiread. Ach ba ghearr gur shleamhnaigh duine isteach lena dtaobh a bhuail bleid orthu, é ag caint leo ó chorr a bhéil, ag iarraidh a fháil amach cén

teanga a bhí á labhairt aige. Bleachtaire. “Is gearr go mbeidh a fhios acu cé mé féin agus cé hiad mo mhuintir ó thús go deireadh. Ach ní bhfaighidh siad amach uaimse é. Nílim ag iarraidh baint ná páirt a bheith agam leo, go díreach mar nár theastaigh uathusan aon bhaint a bheith acu liom, nó ní bheinn caite isteach sa teach altranais bréan sin acu.”

Baineadh geit as Stiofán gur chuimhnigh sé ar an méid sin i ngan fhios dó féin. Bheadh uaireanta an chloig caite aige lá eile agus ní bheadh cuimhne ar bith aige cá raibh sé ná cén fáth a raibh sé ann. B’fhéidir go raibh a chuimhne níos fearr de bharr go raibh sé chomh hard os cionn leibhéal na farraige. Bhí an fharraige íseal sa tír seo. Tuige ar thug siad an Ísiltír ar an áit mura raibh? Bhí sé go hard san aer, trí stór, chomh maith le hairde an bhalla agus a airde féin. “Caithfidh mé aghaidh a thabhairt ar na cnoic agus na sléibhte,” ar sé os ard leis féin. “Cá bhfios nach dtiocfaidh mo chuimhne ar ais go huile is go hiomlán? Ach an bhfuil sliabh ar bith sa tírín beag seo a d’fhéadfainn a dhreapadh?”

Nuair a dhírigh Stiofán a chuid smaointe ar a mhuintir féin bhí a fhios aige anois go soiléir gurbh iad a chlann a rinne an feall, gurbh iadsan a chuir i ngéibheann é sa teach bréan altranais sin in aghaidh a thola. Chuir sé a dhá lámh le taobh a chloiginn ar nós gur theastaigh uaidh an t-eolas sin a choinneáil istigh agus gan ligean dó éalú amach trína chluasa. “Ní féidir liom dearmad a dhéanamh air sin. Mo chlann féin a rinne é,” ar sé os ard. “Mo mhuintir féin. Na deamhain. Thóg siad amach ón áit a thaitin liom mé, áit ar airigh mé sa mbaile ann agus chuir siad isteach sa mbeairic mhór lofa mé. Ná dearmad an t-eolas sin. Mo mhuintir féin a rinne an diabhal orm.”

Rinne Stiofán iarracht a chlann a fheiceáil i súile a chuimhne, ach chinn air. Ní hé nach bhfaca sé daoine uaidh istigh ina intinn nó a shamhlaíocht, ach níor éirigh leis



aghaidh a chur leo. Ní raibh a fhios aige fiú cé mhéid acu a bhí ann nó ar cheart a bheith ann. Bhí sé ar nós go raibh sé ag breathnú ar sheanphictiúr dubh is bán ar an teilifís, a raibh ceo ag teacht agus ag imeacht air dá bhuíochas. Is beag nach mbeadh na daoine á fheiceáil aige níos soiléire. Bheadh sé ar tí iad a aithint. An chéad rud eile bheidís imithe ar nós deataigh. “B’fhéidir go bhfuair siad ar fad bás i ngan fhios dom, gur taibhsí iad anois. Sin é an fáth nach féidir liom iad a fheiceáil.”

Fuair sé radharc ansin a bhí chomh soiléir anois agus a bhí sé an lá a tharla sé. Chonaic sé é féin uaidh sa reilig le cónra bheag bhán ina lámha aige, slua ina thimpeall, a bhean lena thaobh, sagart i mbun urnaithe. Ach cá raibh na gasúir eile? B’fhéidir nár tugadh chun na reilige iad. Le iad a chosaint ón mbrón. B’fhéidir nach raibh gasúr ar bith eile acu. Ach caithfidh sé go raibh. Nach iad a chuir i ngéibheann é? Nó b’fhéidir gurbh í a bhean ba chúis leis? Ach bhí tuairim mhaith aige go raibh sise imithe ar shlí na fírinne le tamall anuas. Nó imithe le fear eile, b’fhéidir. Bhí sí imithe in áit amháin nó in áit eile acu. Ní raibh aon mhaith inti anois dó sa gcruachás seo, pé ar bith ann nó as di.

Theastaigh uaidh a chuid uisce a dhéanamh, ach bheadh air teacht anuas ón mballa agus dul isteach sa leithreas. Tuige nár smaoinigh sé air sin roimhe seo? Bhíodh a bhean á rá sin leis i gcónaí, go dtagadh gníomh roimh smaoineamh ina chás seisean. Dhéanfadh sé rud mar gur tháinig fonn eicínt air é a dhéanamh. Thagadh an t-aiféala ina dhiaidh sin. “Mo bhean,” ar sé agus ar feadh an tsoicind sin shíl sé go dtiocfadh sí chun a chuimhne, ach d’imigh sí uaidh mar a imíonn an ceo ó na cnoic maidin lae fómhair.

Chonaic sé na cnoic ansin chomh soiléir agus a bhí siad lá breá samhraidh ar bith – Binn Ard, Binn Bhuí, Binn Ghorm – ach go raibh siad ar fad gorm ina intinn, ceo na

maidine mar láschuirtní eatarthu. Smaoinigh sé ar an líne “Nuair a éiríonn an ghaoth a scaipeann an ceo” ach ba í an ghrian seachas an ghaoth a scaip an chuid is mó den cheo fad is a bhain sé le Stiofán. Faraor nach raibh gaoth ná grian a scaipfeadh ceo a chinn, agus é ag iarraidh greim a choinneáil ar a chuid uisce, a bhí ar tí pléascadh.

B’fhéidir nach dtabharfadh aoinneach faoi deara an t-uisce á ligean ina streall the síos ar a chosa. Shíl sé go súfadh éadach a threabhsair é ach bhí an iomarca de ann. Rith sé síos ar a bhróga. Sceith an abhainn thar bruach ansin agus rith sé síos ar an mballa roimh thitim síos na trí stór go dtí an t-urlár íochtair. Chrom Stiofán a chloigeann le náire agus chroith sé a lámha agus a ghuailí in iarracht a thaispeáint nach raibh aon neart aige air.

Ba é an tÉireannach a dúirt “*Fuckin’ Irish*” a thosaigh an bualadh bos mall. Bhreathnaigh cúpla duine air ar nós gur cheap siad go raibh sé ag dul thar fóir. Thosaigh Stiofán ar a bhosa féin a bhualadh ansin in aithris air agus níorbh fhada go raibh formhór na ndaoine sa halla á dhéanamh. Ar feadh an ama sin bhí sórt cairdis i measc an tslua, ach níor sheas sé i bhfad. Ní sheasann aon rud ar an saol seo i bhfad, a threabhsar fliuch ag fuarú síos thar a ghlúine chomh fada lena bhróga.

Thosaigh duine eicint ag fógairt ar na micreafóin ansin i dteangacha éagsúla, ag rá leis na daoine an foirgneamh a fhágáil go ciúin agus go calma, ag tosú ó na hurláir íochtair. Chuir Stiofán a mhéara ina chluasa i dtosach mar go raibh an torann miotalach ag cur as dó. Bhraith sé ansin nach raibh sé chomh socair ar a chosa lena lámha crochta suas ar an mbealach sin, agus thograigh sé ar iad a ligean síos ar a dhá thaobh. D’airigh sé nach raibh an chaint mhíotalach ródhona nuair a lean sé air, ach baineadh geit as gach uair a stop sé agus a thosaigh sé arís.

Níor chorráigh na daoine a bhí ina thimpeall, cé go raibh a fhios ag Stiofán ón ngluaiseacht ó na hurláir eile go raibh daoine ag dul i dtreo an dorais. Níor bhreathnaigh sé síos ina ndiaidh ar fhaitíos go dtiocfadh fonn air titim. Bhí cosúlacht ar na daoine thart air gur mhothaigh siad ar bhealach eicint go bhfanfadh seisean beo fad is a d’fhanfadh siadsan mar chuideachta aige. Bhí sé ar nós go raibh siad á choinneáil ar an mballa trí bheith sa seomra céanna leis. Chuirfeadh gluaiseacht ar bith isteach ar pé ar bith fórsa a choinnigh ina sheasamh ar an mballa bán sin é.

Ghabh Stiofán buíochas leo. “Go raibh míle maith agaibh,” ar sé óna chroí, cé go raibh a fhios aige go maith nár thuig siad focal. Ach tuigeann daoine rudaí seachas caint. Airíonn siad mothúcháin nó, mar a deir siad féin, na *vibes*. Níor theastaigh ó dhuine ar bith acu go dtitfeadh sé go talamh, a smaoinigh sé. Bhraith sé umhal dá bharr sin go dtí gur smaoinigh sé gurbh é an fáth ba mhó nár theastaigh uathu nach bhfaigheadh sé bás ná go ngoillfeadh sé orthu é a fheiceáil sínte, briste, pléasctha ar an marmar, fáinne fola thart ar a chloigeann, ag sileadh dearg óna chluasa. Ba mhó a bheidís féin gortaithe as radharc mar sin a fheiceáil agus iad in ainm is a bheith ar a gcuid laethanta saoire.

“Tá an trua céanna acu domsa is atá acu do Vincent Van Gogh,” a dúirt sé leis féin. “Ní thagann siad anseo i ndáiríre de bharr a chuid pictiúr ach mar gur bhain sé de leathchluas agus gur chuir sé lámh ina bhás féin.” Rinne sé laoch de féin, laoch a d’fheil don aois sin agus don aois seo chomh maith. Bhí Dia curtha dá chois, an duine in uachtar, cead ag an duine a rogha rud a dhéanamh lena shaol féin, agus bíodh an diabhal ag Dia. Bhí Dia ag gáire, mar a dúradh i gceann de na sailm, ag gáire faoi na hamadáin uilig a cheap go raibh siad níos cliste ná é féin.

Bhí Bíobla Ollannach Van Gogh feicthe ag Stiofán sa

músaem, oscailte ag leathanach de chuid an fháidh Íseáia, píosa scríoptúir a thaitin go mór leis an ealaíontóir. Fear mór creidimh a bhí ann i dtús a shaoil, é ina mhinistir Protastúnach sula ndeachaigh sé le péintéireacht. Chuaigh sé i bhfeidhm chomh mór sin ar lucht a linne sa mBeilg, áit a raibh sé i mbun seanmóireachta, gur baisteadh “Críost na mianach guail” air agus é ina shéiplíneach do na mianadóirí. Bhraith an dream os a chionn go raibh sé ródhíograiseach ó thaobh an chreidimh agus scaoil siad óna dhualgais é.

Chuaigh sé le spioradáltacht de chineál eile ansin, spioradáltacht na healaíne. D’fhoghlaim sé a cheird, agus in imeacht deich mbliana thug sé cuid de na pictiúir is fearr ar domhan ar an bhfód. Céad fiche bliain i ndiaidh a bháis bhí daoine fós ag teacht isteach sa músaem ina raibh siad leis an obair sin a fheiceáil beo ar na ballaí. Ba rud amháin é leabhar a cheannacht leis na pictiúir a fheiceáil, rud eile ar fad iad a fheiceáil go díreach mar a rinneadh iad.

Ag breathnú ina thimpeall dó, bhraith Stiofán cumhachtach ar bhealach eicínt nár thaitin leis. Bhí bás agus beatha ina lámha aige, a bhás is a bheatha féin. B’fhéidir gur mar seo a bhraith na hImpirí sa Róimh fadó nuair a bhí ar a gcumas duine a choinneáil beo nó a chur den tsaol le hiompú ordóige. Ach níorbh é a mbeatha féin a bhí ina lámha acu, ach beatha na gCríostaithe bochta. Bhí an chumhacht chéanna sin aigesean, ach in ainneoin an áit ina raibh sé ina sheasamh, gan trácht ar an gcontúirt a bhain leis, níor theastaigh uaidh bás a fháil go ceann tamaill eile.

Ba í an phian ba mhó a chuir inní air. Ní bheadh locht ar bith aige ar imeacht ón saol, dá bhféadfaí é a dhéanamh gan phian. Bhí a shaol ina chíor thuathail uilig, a intinn scaipthe, a mheabhair ar strae. Bhí sé ina ualach ar a mhuintir, ar an domhan, d’fhéadfá a rá, mar ní raibh a fhios ag aoinneach céard ba cheart a dhéanamh leis. Dá mba iad

a chlann nó a mhuintir a chuir isteach sa teach altranais é, gach seans gur cheap siad go raibh an rud ceart á dhéanamh acu. Ach bhí sé ina phríosúnach ann, na doirse faoi ghlas, gan trácht ar intinn na ndaoine a bheith faoi ghlas ag drugaí.

Ní bheadh aon choiscéim ina shaol níos éasca ná an choiscéim ar aghaidh a thabharfadh go talamh é, ach ní raibh sé réidh leis an gcéim sin a thógáil faoi láthair. Dá gcasfadh sé ina thimpeall, ní fheicfeadh sé céard a bhí roimhe amach agus é ag titim. Nach mbeadh sé chomh héasca céanna a shúile a dhúnadh, ach bhí a fhios aige go n-osclódh sé iad ar an turas gearr síos go talamh. Chaithfeadh sé casadh timpeall gan titim. Le go mbeadh a dhroim leis an bhfolús mór sin a bhí i lár an fhoirgnimh. Chasfadh sé timpeall agus dhéanfadh sé machnamh ansin ar an gcéad chéim eile.

Thosaigh an lucht féachana ag rá le Stiofán i dteangacha éagsúla gan corraí nuair a tháinig inní orthu go raibh sé i mbaol titime. Shín seisean a lámha amach ar chaon taobh mar a chonaic sé dream ag siúl ar rópaí sa sorcas nó ag dul thar Easanna Niagara sna scannáin. D’fhág sé a chosa le taobh a chéile ar an mballa agus thosaigh sé ar iad a chorraí ar éigean. Lean sé air go mall stuama go dtí go raibh sé iompaithe thart. Fuair sé bualadh bos breá bríomhar ón lucht féachana, cosúlacht ar chuid acu gur cheap siad gur aisteoir den tsórt a chuireann péint ar éadain agus a sheasann ar shráid siopadóireachta a bhí ann.

Cé go raibh an baol ann i gcónaí go dtitfeadh sé i ndiaidh a chúil, bhraith Stiofán i bhfad níos fearr. Bhí chuile shórt ceart ach gur airigh sé nárbh fhada go gcaithfeadh sé a chac a dhéanamh. Bhí sé sách dona a bheith ina sheasamh ansin, a bhríste fuar fliuch lena chuid uisce féin ach bheadh sé ina pháiste ceart dá mbeadh air a chac a dhéanamh ina threabhsar chomh maith. Thograigh sé dearmad a dhéanamh

air chomh fada agus ab fhéidir. Bhí a fhios aige go raibh an rogha aige i gcónaí teacht anuas ón mballa agus ligean do na póilíní nó do ghardaí an mhúsaeim a rogha rud a dhéanamh leis.

Bhíodar ag fógairt ó am go ham ar na daoine san urlár uachtair an foirgneamh a fhágáil, ach cé is moite de bheirt a raibh deifir orthu in áit eicínt, d’fhan an slua ina thimpeall. An seó is fearr ar an mbaile. Faoin am seo thosaigh lucht na micreafón ag labhairt go díreach leis féin i mBéarla, ag rá leis gan aon imní ná faitíos a bheith air. Bhíodar ar mhaithe leis agus chuirfí cibé cúnamh a theastaigh uaidh ar fáil. Bhí comhairleoirí ilteangacha oilte acu a bheadh sásta am a chaitheamh leis len é a chur ar bhealach a leasa.

“Tá comhairleoir agaibh, má tá,” arsa Stiofán os ard. “Cá bhfuair sibh an Gaeilgeoir? An Gaeilge nó Gaolainn atá aige? Tabhair aníos anseo an té atá i gceist agaibh go gcloisfidh mé agus go bhfeicfidh mé.” Ní raibh cosúlacht air go raibh aoinneach ag éisteacht leis ná ag tabhairt aon aird air, ach ar ndóigh bíonn spiadóirí chuile áit. Ní bheadh a fhios ag duine cé leis a mbeadh sé ag caint. Cén t-iontas go raibh a intinn is a mheabhair chinn ina gcíor thuathail.

D’airigh Stiofán a chac ag teacht go tréan. Is dóigh gurbh é an t-ímní a chuir buinneach air. Scaoil sé beilt a bhríste agus chuaigh sé síos ar a ghogaide. Chuaigh an cac ó pholl tóna go tóin poill, titim trí stór in aon soicind amháin. Ghlan sé é féin lena naipcín póca agus chuir sé ar ais ina phóca é. D’fhiafraigh sé den slua, “Céard a chaitheann an fear bocht uaidh a chuireann an fear saibhir ina phóca?” Níor fhreagair duine ar bith acu, ar ndóigh, ach thug sé a fhreagra féin dóibh: “An rud a bhíonn ar a naipcín póca!”

Dhírigh Stiofán suas é féin. Bhí a fhios aige go raibh sé

tar éis é féin a chur i gcontúirt, ach d'éirigh leis teacht slán tar éis dó an gníomh a chur i gcrích. Bhí cosúlacht ar an slua go raibh siad idir dhá chomhairle, déistin ar chuid acu de bharr a raibh déanta go poiblí aige, fonn ar an gcuid eile bualadh bos a thabhairt. Bhí a fhios aige féin go raibh deis eile tugtha aige do na póilíní cás a chur ina choinne mar gur nocht sé a thóin in áit phoiblí, an ghrian agus an ghealach á dtaispeáint le taobh a chéile aige agus cúpla pláinéad eile idir eatarthu. Bheidís in ann é a chur sa bpríosún go ceann i bhfad. Ach b'fhéidir nárbh é sin an rud ba mheasa ar domhan. Bheadh am aige a chuid smaointe a chur i dtoll a chéile, mura raibh sé sin dodhéanta ar fad sa gcaoi ina raibh sé i láthair na huaire. Ní fhéadfadh príosún a bheith tada níos measa ná an teach altranais.

Murarbh ionann agus an chéad teach ina raibh sé, teach álainn le taobh na farraige, teach nua amach is amach, cosúlacht ón ospidéal air. Rómhaith is róghlan a bhí sé, an lucht freastail ag scuabadh is ag glanadh is ag cur snasa ar na hurláir ó mhaidin go faoithin. An snas céanna a chuir deireadh lena thréimhse sa teach sin. B'ionann agus an leac oighir é mura mbeadh na bróga cearta ar dhuine. Is amhlaidh a sciorr sé féin agus chas sé a rúitín. Tugadh go dtí ospidéal é agus cuireadh plástar ar an gcois. Bhí a áit tógtha, duine eile ar a leaba, é ar liosta feithimh faoin am a raibh sé ar ais ar a sheanléim arís. B'in é an uair a cuireadh isteach é san áit ar ar thug sé féin an príosún.

Bhí lucht na micreafón ag fógairt arís. Aerfort nó stáisiún traenach a chuir sé i gcuimhne do Stiofán, an fógra ceannann céanna arís is arís eile. Leadrántacht. Is air féin a bhí sé ar fad dírithe an uair seo ach thug sé cluas bodhar dó. Níor theastaigh uaidh iad a chloisteáil. Bhí sé tinn tuirseach de. Tuige nár chuir siad piléar ann agus fáil réidh leis gan aon phian ná trioblóid? Urchar gunna a chuir Van Gogh

den tsaol, ach thóg sé dhá lá ar an bhfear bocht bás a fháil. Ba rud maith é sin ar bhealach mar gur thug sé deis dó labhairt lena dheartháir Theo agus síocháin a dhéanamh leis. Ach cuimhnigh ar an bpian a bheadh air. Níor theastaigh uaidh go mbeadh pian air. Pian den tsórt sin go háirithe.